Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

7376/24

LIMITE

CORLX 240
CFSP/PESC 334
MAMA 55

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

**Cinneadh (AE) 2024/… ón gComhairle**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES [1], a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt a scriosadh mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gcearta chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

(3) An 27 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2686 [2] lenar leasaíodh cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach.

(4) Measann an Chomhairle gur cheart clásail athbhreithniúcháin a bhaineann leis na heisceachtaí sin a thabhairt isteach.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

[2] Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach (IO L, 2023/2686, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2686/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(6) agus (7) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 1(1) agus (2) a athbhreithniú go tráthrialta, agus ar a laghad gach 12 mhí, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí, nó ón gCoimisiún tar éis d’athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa…, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

I ranna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES, scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

18. Moez Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI;

21. Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI.

PUBLIC